Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2025
(OR. en)

9066/25

LIMITE

SAN 236
PHARM 67
MI 308
MAP 14
POLCOM 92
IND 147
COMPET 390
CODEC 617

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0102 (COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos creat chun infhaighteacht agus slándáil soláthair táirgí íocshláinte criticiúla a neartú mar aon le hinfhaighteacht agus inrochtaineacht táirgí íocshláinte leasa choitinn, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/795<br>– *Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, nóta cúlra ón Uachtaránacht chun an díospóireacht bheartais maidir leis an togra le haghaidh Gníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla a stiúradh ag Comhairle EPSCO (Sláinte) an 20 Meitheamh 2025.

PUBLIC

I mí an Mhárta 2025, mhol an Coimisiún Eorpach an Gníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla chun infhaighteacht, soláthar agus táirgeadh táirgí íocshláinte criticiúla a fheabhsú laistigh den Aontas Eorpach. Tá sé d'aidhm ag an nGníomh um Tháirgí Íocshláinte freisin rochtain ar tháirgí íocshláinte leasa choitinn eile a mhéadú, mar shampla táirgí íocshláinte le haghaidh galair neamhchoitianta, agus aghaidh a thabhairt ar an bhfíoras nach bhfuil roinnt táirgí íocshláinte ar fáil i margaí áirithe.

Is iad seo a leanas comhpháirteanna an Ghnímh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla:

- Is féidir **Tionscadail Straitéiseacha** le haghaidh táirgí íocshláinte criticiúla nó a gcomhábhar a ainmniú, ionas go mbainfidh siad tairbhe as rochtain níos éasca ar mhaoiniú agus as nósanna imeachta meara.

- **Soláthar poiblí** chun athléimneacht slabhraí soláthair táirgí íocshláinte criticiúla a dhreasú nó chun rochtain ar tháirgí íocshláinte eile leasa choitinn a fheabhsú.

- Tacóidh an Coimisiún le **soláthar comhoibríoch** i measc na mBallstát éagsúil arna iarraidh sin do na Ballstáit, chun aghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí i ndáil le hinfhaighteacht táirgí íocshláinte criticiúla agus táirgí íocshláinte eile leasa choitinn agus i ndáil le rochtain orthu.

- Féachfar ar **chomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta** le tíortha/réigiúin a bhfuil an dearcadh céanna acu, chun an slabhra soláthair a leathnú agus chun spleáchais ar sholáthróirí aonair a laghdú.

Gan amhras, beidh ról tábhachtach ag an nGníomh um Tháirgí Íocshláinte chun aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí soláthair atá ann faoi láthair/chun infhaighteacht a fheabhsú agus chun earnáil cógaisíochta an Aontais a neartú. Ba cheart go gcuideodh uirlisí airgeadais agus sraith d'athruithe reachtacha le hiomaíochas a atógáil agus tionchar a imirt ar fhorbairt an tionscail Eorpaigh, agus ar an gcaoi sin rochtain ar tháirgí íocshláinte criticiúla a áirithiú laistigh den Aontas.

Is iad seo a leanas go príomha na tairbhí d'othair ba cheart a bheith mar thoradh ar chur chun feidhme na gcúraimí thuas:

- **Infhaighteacht** táirgí íocshláinte tarrthála **a ráthú**, fiú i gcásanna géarchéime, mar shampla coinbhleachtaí armtha, paindéimí nó dúnadh teorainneacha.

- **An tsláinte phoiblí a chosaint** trí sholáthairtí cobhsaí táirgí íocshláinte, le linn géarchéimeanna freisin.

- **A áirithiú gur féidir galair i measc an daonra go léir a chóireáil,** fiú le héileamh méadaithe mar gheall ar phaindéimí nó glacadh le dídeanaithe i gcás coinbhleachtaí armtha.

Sa chomhthéacs sin, ní mór dúinn maoiniú/acmhainní breise agus riachtanacha a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Ba cheart don tacaíocht airgeadais a bheith cothrom agus éagsúlaithe go geografach, i ndáil le bagairtí seachtracha freisin, mar shampla coinbhleachtaí armtha a tharlaíonn gar do theorainneacha an Aontais Eorpaigh.
Ba cheart tionscadail tacaíochta a mhaoiniú i gcónaí ar mhaithe le leas an phobail. Ina theannta sin, ba cheart do ghníomhaíochtaí a dhéantar ar an leibhéal Eorpach slabhraí soláthair criticiúla a neartú chun fadhbanna rochtana d'othair san Aontas a laghdú go mór. Tá tábhacht bhunúsach ag baint le plé maidir le tacaíocht airgeadais bhreise agus riachtanach nó maidir leis an soláthar a neartú i gcomhthéacs an Ghnímh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla.

**CEISTEANNA ATÁ LE PLÉ**

- Cad iad na codanna den Ghníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla, dar leat, atá an-éifeachtach chun cuidiú le soláthar táirgí íocshláinte criticiúla san Aontas a chinntiú? An bhfeiceann do Bhallstát eilimintí sa togra a d'fhéadfaí a fheabhsú nó a chur isteach chun aghaidh a thabhairt ar infhaighteacht agus soláthar táirgí íocshláinte?

- Cad iad na tosaíochtaí agus na hábhair imní atá ag do Bhallstát maidir leis an nGníomh um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla atá beartaithe?



PUBLIC